# ÁR dTUAIRISC FHÉINMHEASTÓIREACHTA AGUS PLEAN FEABHSÚCHÁIN

Sa bhliain seo a chuaigh thart, d'fhéachamar ar theagasc agus foghlaim inár scoil chun a fháil amach cad atá á dhéanamh go maith againn. Seo a fuaireamar amach:

1. Bainimid úsáid éifeachtach as an dTeicneolaíocht chun eolas a bhainistiú.
2. Féachann na scoláirí orthu féin mar fhoghlaimeoirí agus léiríonn siad é seo ina gcur chuige dearfach agus athmhachnamhach i dtaca le hobair ranga agus obair bhaile.
3. Léiríonn na scoláirí eolas ábhair agus scil ábhair atá an-mhaith ag leibhéal cuí, agus léiríonn siad é seo ag na pointí measúnaithe cuí sa bhliain nó sa tsraith.
4. Déanann na scoláirí naisc fhiúntacha agus dhílse idir an fhoghlaim in ábhair agus réimsí éagsula an churaclaim.
5. Tá tuiscint ag na scoláirí, atá oiriúnach dá n-aois, ar choincheap na foghlama ar feadh an tsaoil, agus samhlaíonn siad iad féin ag glacadh páirt san oideachas agus oiliúint leantach.
6. Faigheann na daltaí deiseanna chun na scileanna agus na dearcthaí a fhorbairt ata riachtanach don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.
7. Aithníonn na daltaí an úsáid is féidir a bhaint as eolas, scileanna agus tuiscint mhatamaiticiúla i réimsí uile na foghlama agus ar feadh an tsaoil.

Seo a rinneamar chun a fháil amach cad a bhí á dhéanamh go maith againn, agus cad a d'fhéadfaimis a dhéanamh níos fearr:

1. Uimhearthacht; Rinne na daltaí tástáil uimhearthachta ar Google Sheets bunaithe ar aonaid chuí a úsáid, aonaid a athrú agus tomhais.
2. Litearthacht; Rinne na daltaí tástáil scríofa, tré aiste a scríobh, agus d'fhéachamar ar an méid botúin a bhí iontu.
3. Féin-Eagrú; Thosamar méid na nótaí a bhí faighte ag daltaí maidir le féin-eagrú, agus rinneamar tomhas thar aon lá amháin ar fhéin-eagrú na ndaltaí le Obair Bhaile, iPadanna, cóipleabhair agus fearas scoile a bheith acu, éadaí scoile agus eochracha le haghaidh na taisceadán.
4. Féin-Eagrú: Chomhraigh na hOidí Ranga an méid nótaí a fuair gach dalta ina ndialann maidir le Obair Bhaile.
5. Rinneadh suirbhé ar mheoin aigne na ndaltaí ar an bhfoghlam.
6. Rinneadh suirbhé leis na daltaí ar a gcumas ábhair tras-churachlaim a nascadh.
7. Bhí comhráití ranga ann chun dearcadh daltaí faoin bhfoghlam ar feadh a saoil a thomhas.

Seo a bhfuilimid chun obair air anois:

1. Cruinneas briathra agus teangan a chur chun cinn.

2. Conas ceisteanna a chur i gceart a chur chun cinn.
3. Scileanna mheabharuimhríochta na ndaltaí a fheabhsú.
4. Cumas na ndaltaí ó thaobh deachúlacha, codáin agus céatadáin a fheabhsú.
5. Féin-eagrúchán trealaimh na ndaltaí.
6. Poncúlacht agus tinreamh maith i measc na daltaí.
7. Bia sláintiúil a chur chun cinn i measc na daltaí.
8. Rannphairtíocht na ndaltaí i ngníomhaíochtaí seach-churachlam a fheabhsú.

Seo is féidir leatsa a dhéanamh chun cuidiú:

1. Deimhnigh go bhfuil na briathra á chleachtadh sa bhaile agus go bhfuil fillteán do pháiste suas chun dáta.
2. Déan cinnte go bhfuil fillteán na gceisteanna á choimeád suas chun dáta ag do pháiste, agus cleachtaigh na ceisteanna seo leo.
3. Cleachtaigh meabharuimhríocht le do pháiste sa bhaile. Déan iarracht suimiú, dealú, méadú agus roinnt a dhéanamh gan cabhair ó áireamháin.
4. Cleachtaigh fadhbanna le céatadáin, codáin agus deachúlacha le do pháiste sa bhaile.
5. Cinntigh go ndéanann do pháiste a mála a ullmhú don scoil an oíche roimh ré, agus go mbaintear úsáid as an liosta treallaimh laethúla atá sa dialann acu.
6. Déan cinnte nách gcailleann do pháiste amach ar scoil, ach amháin i gcásanna eisceachtúla. Meabhraigh dóibh an tabhacht a bhaineann le a bheith in am, agus i láthair gach lá ar scoil.
7. Déan iarracht bia mí-shláintiúil a sheachaint i mbosca lóin do phaiste. Iarr orthu na hoideas sláintiúla a fhaightear ar scoil a chleachtadh libh sa bhaile.
8. Mhol do'd pháiste a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí seach-churachlam.

Seo roinnt eolais faoin gcaoi ina bhfuil ár gcuid oibre ar siúl againn agus faoi cad a éilíonn an Roinn Oideachais agus Scileanna orainn a dhéanamh.

***Am scoile agus laethanta saoire***

Cuireann an Roinn de cheangal ar na h-iar-bunscoileanna uile **167 lá scoile** a bheith acu gach bliain, agus **seachtain scoile 28 uair an chloig**.
I mbliana bhí 167 lá scoile againn, ón 28/8/2017 go dtí 1/6/18. Tá 28 uair an chloig inár seachtain scoile.

Leagann an Roinn amach **scoilbhliain chaighdeánach agus laethanta saoire scoile**.
I mbliana thógamar ár laethanta saoire scoile go léir laistigh den am ceadaithe. SEA

Leagann an Roinn síos socruithe do **chruinnithe tuismitheoirí/múinteoirí agus cruinnithe foirne**. I mbliana bhí trí chruinniú tuismitheoirí/múinteoirí againn agus 15 cruinniú foirne, iad ar fad i gcomhréir le rialacháin na Roinne.

***Ag tabhairt aire do na leanaí inár scoil***

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna na *Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí* atá leagtha síos aici a leanúint. Tá aontaithe ag ár mbord bainistíochta i scríbhinn é seo a dhéanamh.

TÁ

Tá a fhios ag na múinteoirí go léir faoi na *Nósanna Imeachta* agus táimid tar éis a rá leis an tuismitheoirí go léir fúthu agus an chaoi ina leanaimid iad. TÁ
Is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe; Donnchadh Ó Cróinín

agus is é/í ár dTeagmhálaí Ainmnithe Tánaisteach; Mairéad Ní Chonaill

***Rollú agus tinreamh***

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna polasaí iontrála a bheith acu agus a fhoilsiú, tinreamh a thaifeadadh agus a thuairisciú go cruinn, agus tinreamh ard agus rannpháirtíocht a spreagadh.

Tá polasaí iontrála againn agus tá sé foilsithe. TÁ
Rinneamar athbhreithniú (agus nuashonrú) ar ár bpolasaí iontrála ar: 13ú Deireadh Fómhair 2015

Tá taifid chruinne á gcoinneáil againn ar thinreamh agus déanaimid iad a thuairisciú mar is gá.
TÁ

Spreagaimid tinreamh árd ar na bealaí seo a leanas:

- Pointí Chóras na dTithe do phoncúlacht agus tinreamh maith.
- Nótaí a lorg ó dhaltaí tar éis a bheith as láthair.
- Córas síniú isteach/amach soiléir a bhieth i bhfeidhm
- An tabhacht a bhaineann le tinreamh maith a phlé le daltaí agus tuismitheoirí.
- Múinteoirí ag tabhairt dea-shampla.
- Bronnfar gradam tinrimh orthu siúd le tinreamh den scoth ag Oíche na nGradam ag deireadh na bliana.

Seo mar is féidir leatsa cuidiú:

- Téigh in aithne ar an Stráitéis Tinrimh.
- Meabhraidh dod' pháiste an tabhacht a bhaineann le dea-thinreamh agus poncúlacht.
- Déan gach iarracht saoire clainne a thógaint i rith na scoilbliana

***Iompar dearfach do scoil shona***

Cuireann an Roinn de cheangal ar scoileanna cód iompair a bheith acu, agus iarrann orainn dul i gcomhairle le tuismitheoirí agus scoláirí faoi. Déanaimid é seo. TÁ

Tugann ár gcód iompair cur síos ar iompar dearfach agus tacaíonn sé leis. TÁ

Tá polasaí frithbhulaíochta an-soiléir agus ar ardphróifíl againn inár scoil. TÁ